Truailliú san Iarthar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thruailliú san fharraige i gContae na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cad a tharlaíonn do shéarachas na tíre seo, dar leat?
2. Ar cheart íoc as uisce glan óil sa tír nó ar cheart don rialtas an tseirbhís sin a chur ar fáil?
3. An bhfuil an tír seo feasach ó thaobh na timpeallachta, dar leat?



Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- bug, germ
- swimming waters
- untreated sewage
- superbug
- resistant
- antibiotics
- enzyme
- bacteria
- WHO, The World Health Organisation
- There is no evidence that anyone was infected.

Cad faoi na háiteanna seo anois:

- Asia
- The Middle East
- Latin America
- southern Europe

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan plé leis an duine in aice leat faoin méid a d'fhoghlaim sibh ón mír.

Ceist 4 '… Ollscoil na hÉireann …'

Cuir na focail atá idir lúibíní sa tuiseal ginideach. Éist leis an mír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ospidéal (an Ollscoil) _____
uiscí (an ceantar) _____
ar fud (an tír) _____
Contae (an Ghaillimh) _____
i láthair (an uair) _____
deisceart (an Eoraip) _____
údar (an staidéar) _____

Ceist 5 '…thángthas…'

Éist le Peadar Mac Gaoithín arís. Breac síos gach sampla a chloiseann tú den bhriathar saor san aimsir chaite **agus** san aimsir láithreach.

Ceist 6 '…thar a bheith…'

Cuir na nathanna seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

dul thar fóir le
dul thar bráid
thar barr
thar sáile
thar cuimse

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

bug, germ – *frídín*
swimming waters – *uiscí snámha*
untreated sewage – *séarachas neamhchóireáilte*
superbug – *tarbhfhríd*
resistant – *frithsheasmhach*
antibiotics – *antaibheathaigh*
enzyme – *einsím*
bacteria – *baictéar*
WHO, The World Health Organisation – *An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte*
There is no evidence that anyone was infected. – *Níl aon fhianaise ann gur ionfhabhtaíodh duine ar bith.*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Ospidéal (an Ollscoil)	*na hOllscoile*
uiscí (an ceantar)	*an cheantair*
ar fud (an tír)	*na tíre*
Contae (an Ghaillimh)	*na Gaillimhe*
i láthair (an uair)	*na huaire*
deisceart (an Eoraip)	*na hEorpa*
údar (an staidéar)	*an staidéir*

Ceist 5

Briathar saor, aimsir chaite	**Briathar saor, aimsir láithreach**
dúradh aimsíodh x 3 tógadh thángthas ionfhabhtaíodh	luaitear tuairiscítear scaoiltear déantar

Ceist 6

dul thar fóir le – *beyond limits, to go too far*
dul thar bráid – *to pass by*
thar barr – *excellent*
thar sáile – *overseas*
thar cuimse – *exceeding, extreme*

Eimear Ní Chonaola
Tá frídín, atá thar a bheith contúirteach, aimsithe ar dhá thrá sa Spidéal i gContae na Gaillimhe. Tá lucht leighis den tuairim gurb é an chéad uair a dtángthas[1] ar an bhfrídín áirithe seo in uiscí snámha san Eoraip. Foireann as Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh a tháinig ar an bhfrídín agus iad i mbun staidéir ar uiscí an cheantair.

Peadar Mac Gaoithín
Dúradh i dtuarascáil a d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil anuraidh go bhfuil séarachas neamhchóireáilte á scaoileadh isteach san fharraige agus in aibhneacha i 43 áit ar fud na tíre. Anois, i staidéar úr, deir eolaithe sa Ghaillimh go bhfuil foirm de tharbhfhríd atá frithsheasmhach in éadan na hantaibheathaigh is láidre dá bhfuil ann, aimsithe ag dhá thrá atá ina aice lena chéile sa tír seo. Cé nach luaitear iad sa staidéar, tuairiscítear gur tránna sa Spidéal i gContae na Gaillimhe atá i gceist. Aimsíodh an einsím nimhneach NDM i samplaí a tógadh i mí Iúil. Deir an tOllamh, Martin Cormican, agus a fhoireann i Scoil Leighis Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus in Ospidéal na hOllscoile ansin, gurb é seo an chéad uair a thángthas ar an fhrídín seo ar láthair phoiblí shnámha san Eoraip. Creideann sé go mbíonn baol ard ann go mbeadh a leithéid de bhaictéir le fáil in áiteanna a scaoiltear séarachas neamhchóireáilte isteach san fharraige. Deir sé fosta, go bhfuil sé buartha nach leor na tástálacha a dhéantar i láthair na huaire ar chaighdeán uisce snámha lena leithéid de bhaictéir a aimsiú.

An tOllamh Martin Cormican, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Tá séarachas ag dul amach sa chomhshaol gan dada déanta leis roimh ré. Is fíor-drochscéal é sa lá atá inniu ann nach bhfuil sé curtha i gceart againn sula gcaithimid amach san fharraige é.

Peadar Mac Gaoithín
Ba in 2009 a aimsíodh an einsím NDM ar dtús. Deir an Eagraíocht Sláinte Dhomhanda[2] go bhfuil antaibheathaigh úra ag teastáil go práinneach le dul i ngleic lena leithéid de bhaictéir a aimsíodh roimhe seo san Áise, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Laidineach agus i ndeisceart na hEorpa. Deir údar an staidéir is deireanaí seo nach bhfuil aon fhianaise ann gur ionfhabhtaíodh duine ar bith a bhí fágtha gan chosaint ar an bhaictéar sa cheantar atá i gceist sa staidéar.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

[1] *ar thángthas* an leagan caighdeánach
[2] *An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte* an leagan caighdeánach